

Tuarascáil na hOifige um Chlárú Cuideachtaí 2022

CLÁR ÁBHAIR

CUID 1 - RÉAMHRÁ	3
CUID 2 - FORLÉARGAS AR 2022	4
CUID 3 - SAOLRÉ NA CUIDEACHTA	9
CUID 4 - EINTITIS EILE CLÁRAITHE AG AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ	13
CUID 5 – FEIDHM CHORPARÁIDEACH SAN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ	15
CUID 6 - AG TEACHT IN 2023	16
AGUISÍN 1: STATISTICÍ MIONSONRAITHE	17
AGUISÍN 2: CEANNACH SCAIREANNA DÍLSE	24
AGUISÍN 3: COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ TEORANTA	41
AGUISÍN 4: PRÓISEÁIL CÁIPÉISE	46
AGUISÍN 5: CLÁRAITHEOIR CUIDEACHTAÍ DAOINE ÚDARAITHE	48

Cuid 1 - Réamhrá

Oibríonn an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Is é an stór lárnach um fhaisnéis a bhaineann le dlí cuideachtaí reachtúil poiblí maidir le cuideachtaí Éireannacha. I measc príomhfheidhmeanna na hOifige tá:

- Ionchorprú cuideachtaí
- Cáipéisíocht iarchorpraithe chlárú na cuideachta
- Forfheidhmiú Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le hoibleagáidí comhdaithe cuideachtaí.
- Clárú ainmneacha gnó/athruithe ar shonraí ainmneacha gnó
- Faisnéis a chur ar fáil don phobal

Is é seo a leanas Ráiteas Misin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí:

maoirseacht a dhéanamh ar an ráta agus ar an gcáilíocht is mó agus is féidir maidir le comhdú tuairisceán bliantúil ag cuideachtaí

i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha agus a chinntiú go mbeidh an fhaisnéis maidir le cuideachtaí a fhoilseoidh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí dá réir sin tráthúil agus go léirítear léi go beacht an fhaisnéis arna soláthar ag na cuideachtaí sin.



CUID 2 - FORLÉARGAS AR 2022

Bliain ghnóthach ab ea 2022 don CRO agus dá chuid páirtithe leasmhara. Ag tús 2022, d'fhill na baill foirne ar na oifig ar bhonn oibre measctha; ba ghnách go gcaithidís 2 lá in aghaidh na seachtaine san oifig agus 3 lá in aghaidh na seachtaine ag obair sa bhaile. Leanadh ar aghaidh ag soláthar an raon iomlán de sheirbhísí CRO dár gcustaiméirí i gcaitheamh na bliana. Níor osclaíodh arís Oifig Phoiblí na hOifige um Chlárú Cuideachtaí i mBaile Átha Cliath a dúndadh ar an 12^ú Márta 2020 mar gheall ar shrianta COVID 19. Táthar ag breathnú faoi láthair ar an gceist cibé acu an osclófar an oifig arís i bhfianaise an leibhéil thar a bheith ard de chomhdú leictreonach i CRO ó tugadh isteach an córas nua TF i mí na Nollag 2020 agus an méadú leanúnach ar chomhdú leictreonach éigeantach. I rith 2022, comhdaíodh go leictreonach 94% de na haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid an CRO.


Leanadh le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a chur ar fionraí i bhfianaise na ndeacrachtaí atá ag custaiméir agus láithreoirí de thoradh COVID-19 agus táthar ag súil go dtosófar arís iad sa chéad leath de 2023.

Bhí 287,877 cuideachta Éireannach ann ar an gclár ag deireadh na bliana agus bhí os cionn 510,280 iarratas á gcomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le linn 2022. Cuimsíonn cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna 89% de gach cuideachta ar an gclár.


Sháraigh líon na gcuideachtaí nua atá a gcur ar an gclár na líonta atá a mbaint. Is amhlaidh an cás le roinnt blianta, cé gur measa an méadú mar gheall gur cuireadh baint neamhdheonach den chlár ar fiontraí go leanúnach de bharr teip tuairisceáin bhliantúla a chomhdú.

Comhdaíodh go leictreonach os cionn 94% de gach cáipéis leis an CRO sa bhliain 2022, i gcomparáid le 89% in 2021.

Comhdhéanamh an Chláir ag deireadh 2022¹



Chuimsigh Cuideachtaí Teoranta Poiblí, Cuideachtaí Neamhtheoranta Poiblí agus UCITanna 1% in aghaidh an chinn den Chlár ag deireadh 2022.



¹TEO: Cuideachta Theoranta, CGS: Cuideachta Gníomhaíochta Sainithe, CFTR: Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta, CNT: Cuideachta Neamhtheoranta.

Comhdú Leictreonach Éigeantach – Tábla Comhdúcháin

Cineál Foirme ²	2019	2020	2021	2022
Foirm B1	224,266	194,515 ³	257,150	240,223
Foirm B2	18,383	16,292	18,111	19,536
Foirm B10	77,471	67,523	80,281	79,577
Foirm B73	10,486	8,810	14,197	15,041

Treochtaí i Ríomhchodú

Cuireadh roinnt foirmeacha nua ar fáil le comhdú ar líne, go háirithe sa réimse sócmhainneachta, mar gheall ar thabhairt isteach chóras FT nua na hOifige um Chlárú Cuideachtaí i mí na Nollag 2020. Le feidhm ón 1 Márta 2022 ba éigeantach cuid de na foirmeacha sin a chomhdú go leictreonach. Chuir sé sin le méadú breise ar chomhdú ar líne i CRO go 94% in 2022. Táthar ag súil go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh in 2023 nuair a bheidh níos mó foirmeacha faoi réir ríomhchomhdú éigeantaigh.

Bliain	Cáipéisí Ríomhchomhdaithe	Iarratais ar fad a Fuarthas	Cuideachtaí Éireannacha ar an gClár
2012	238,503	374,366	180,185
2017	339,153	476,672	215,020
2022	479,521	510,280	287,877

Iarratais chun na hArdchúirte/na Cúirte Dúiche ar Ordú chun an t-Am le Comhdú a Shíneadh

Sonraítear in alt 343(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014 gur féidir le cuideachta a bhíonn mall maidir lena tuairisceán bliantúil a chomhdú iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt (an Ard-Chúirt nó an Chúirt Dúiche don dúiche ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta suite) ar ordú chun an t-am lena tuairisceán bliantúil don bhliain sin a shíneadh. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir ach iarratas amháin a dhéanamh chuig an gcúirt i ndáil le bliain airgeadais amháin ar bith agus nach féidir ach le cuideachtaí “beo” iarratas a dhéanamh leis na cúirteanna faoin alt seo – ní próiseas é atá ar fáil do chuideachtaí díscailte.

Nuair a dheonóidh an Chúirt ordú agus nuair a chomhlíonfaidh an cuideachta é, caithfear leis an tuairisceán bliantúil mar thuairisceán atá in am agus ní bheidh ar an gcuideachta táillí a íoc as comhdú déanach nó díolúine iniúchóireachta a chailleadh. Sa bhliain 2022, fuair an Oifig um Chlárú Cuideachtaí 879 fógra maidir le hiarratais ó chuideachtaí chuig an gCúirt Dúiche nó chuig an Ardchúirt.

D'éisigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí 858 Litir um Admháil/Neamhagóid/Agóid (8 litir agóide san áireamh) agus phróiseáil sí 770 Ordú arna ndeonú ag an gCúirt Dúiche/an Ardchúirt. Dhiúltaigh na Cúirteanna d'iarratas amháin agus tarraingíodh siar cúig iarratas. Cuireadh siar ceithre hiarratas ó 2022 go 2023.

²Foirm B1: Tuairisceán Bliantúil, Foirm B2: Athrú ar Oifig Chláraithe, B10: Athrú ar Stiúrthóir/Rúnaí nó ar a sonraí, B73: Ainmniú dáta nua do thuairisceán bliantúil

³ Bhí líon na dtuairisceán bliantúil a tíolacadh sa bhliain 2020 níos ísle ná mar a bhí i mblianta roimhe sin mar gheall ar na síntí comhdaithe a soláthraíodh mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Shroich líon na dtuairisceán bliantúil buaic ag deireadh 2021 le deireadh na síntí comhdaithe.

Forbairtí Dí

Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020

Tháinig an tAcht i bhfeidhm i mí Lúnasa 2020 agus déanann sé leasuithe sealadacha ar Acht na gCuideachtaí 2014 agus ar Acht na gCumann Tionscail agus Soláthair 1893 chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a bhaineann le Covid-19. Forálann an tAcht do Chruinnithe Ginearálta Bliantúla agus do chruinnithe ginearálta a thionól trí mheán leictreonach. Déantar foráil ann freisin maidir le sócmhainneacht ghnó trí shíneadh a chur leis an tréimhse scrúdaithe agus an tairseach a mhéadú ag a meastar nach bhfuil cuideachta in ann a fiacha a íoc. Bhí feidhm ag na leasuithe ar feadh idirthréimhse, suas le 31 Nollaig 2020 ar dtús, agus síneadh an tréimhse sin ina dhiaidh sin. Le linn 2022, cuireadh síneadh ama leis an idirthréimhse go dtí an 31 Nollaig 2022 agus ina dhiaidh sin cuireadh síneadh ama eile leis go dtí an 31 Nollaig 2023. Orduithe Rialtais Cuí mar seo a leanas:

- I.R. Uimh. 220/2022 - Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 12A (1)) (Covid-19) Ordú 2022
- I.R. Uimh. 648/2022 - Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 12A (1)) (Covid-19) (Uimh. 2) Ordú 2020

Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2021

Tugadh feidhm d'Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2021, (seachas alt 35) ar an 6 Iúil 2022 agus bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (Corporate Enforcement Authority/CEA) ar an 7 Iúil 2022 mar ghníomhaireacht reachtúil agus neamhspleách. Tugadh níos mó neamhspleáchais agus acmhainní breise don CEA chun éagóir amhrasta a fhiosrú agus chun leanúint de sháruithe ar dhlí na gcuideachtaí. Seo a leanas roinnt ionstraimí reachtúla:

- I.R. Uimh. 335/2022 - Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2021 (Tosach Feidhme) Ordú 2022
- I.R. Uimh. 337/2022 - Acht na gCuideachtaí 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) 2014 (Lá Bunaithe) Ordú 2022.

Rialacha na nUaschúirteanna (Acht na gCuideachtaí 2014, Cuid 10A) 2021 (I.R. Uimh. 218 de 2022)

Leis na rialacha sin leasaítear Rialacha na nUaschúirteanna chun feidhmiú Phróiseas Tarrthála Acht na gCuideachtaí a éascú le haghaidh Cuideachtaí Beaga agus Micreachuideachtaí.

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athstruchtúrú Coisctheach) 2022 (I.R. Uimh. 380 de 2022)

Le Treoir 2019/1023 (AE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar glacadh leis i mí an Mheithimh 2019, féachtar chuig gnéithe de dhlíthe náisiúnta ar dhócmhainneacht a chomhchuibhiú le haghaidh cuideachtaí agus daoine aonair araon. Tá sé dírithe ar chreat athstruchtúraithe 'coisctheach', dara seans/tús nua le haghaidh 'fiontraithe' agus ar éifeachtúlacht an athstruchtúraithe agus na dócmhainneachta a fheabhsú. Síníodh Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athstruchtúrú Coisctheach) 2022 lena thrasuítear na gnéithe dócmhainneachta corparáidí den Treoir ar Athstruchtúrú Coisctheach ar an 27 Iúil 2022.

Rialacháin 2022 um Acht na gCuideachtaí 2014 (Gealltanais Dícháilithe agus Srianata) (I.R. Uimh. 646 de 2022)

Is é cuspóir na Rialachán seo cáipéisí a shainordú maidir le gealltanais dhícháilithe agus srianata ag Stiúrthóirí.

Iniúcháirí Neamhchláraithe

Sa bhliain 2022, ní raibh tuairisc ar bith maidir le iniúcháirí neamhchláraithe ag déanamh iarrachta tuarascálacha iniúcháirí bréagacha a chomhdú. Bhí 19 gcás nuair a chuir iniúcháirí an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar an eolas gur úsáideadh a n-Uimhir Clárúcháin Iniúcháir (ARN) chun tuarascálacha iniúcháirí a chomhdú gan cead. Níor tharla cás inar luaigh iniúcháir gur úsáideadh a chuid sonraí de bhotún.

Leanann leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí monatóireacht a dhéanamh ar na rialuithe a laghdaíonn an riosca go dtarlódh a leithéid d'imeachtaí arís. Leanann leis an meicníocht atá i bhfeidhm, a ligeann d'iniúcháirí an Oifig um Chlárú Cuideachtaí a chur ar an eolas láithreach faoi mhí-úsáid ar a n-uimhir chlárúcháin, de bheith ag feidhmiú go héifeachtach.

Soláthar faisnéise don phobal

Ceannáíodh os cionn 364,000 cáipéis ó shuíomh gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí sa bhliain 2022 agus tugadh cuairt ar an suíomh gréasáin 1.043m uair. Tá gach faisnéis reachtúil a sholáthraíonn cuideachtaí chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar fáil don phobal le haghaidh iniúchadh, ar tháille beag, más bainteach. Is féidir faisnéis rithabhachtach áirithe, mar shampla ainm cuideachta agus seoladh oifige cláraithe, a sheiceáil saor in aisce [ar thairseach CORE](https://core.cro.ie) <https://core.cro.ie>.

Aonad Faisnéise

Leandh le méid mór glaonna ar Aonad Faisnéise na hOifige um Chlárú Cuideachtaí le linn 2022. Is í uimhir ghutháin an Aonaid Faisnéise ná 00 353 1 8045200/Glao áitiúil 0818 452 000. Tugadh freagra ar os cionn 41,000 glao chomh maith le 16,220 ríomhphost. (Seoladh ríomhphoist cro.info@enterprise.gov.ie).

Gearáin agus larratais ó Chustaiméirí ar fhaisnéis

Mura mbíonn custaiméir sásta leis an tseirbhís a sholáthair an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus murar féidir an cheist a réiteach le ball foirne nó leis an rannán a phléann leis an gceist, is féidir gearán foirmiúil a dhéanamh chuig Oifigeach Faisnéise na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Pléifear leis an ngearán i gcomhréir le Nós Imeachta um Ghearáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Mura mbeidh an gearánaí fós sásta, beidh an ceart ag an ngearánaí chun achomhairc chun Oifig an Ombudsman.

Gearáin agus larratais ó Chustaiméirí ar Fhaisnéis in 2022	
Líon na nGearán Oifigiúil	84
Líon na ngearán a cuireadh ar aghaidh chuig Oifig an Ombudsman.	3
Líon na ngearán a cuireadh ar aghaidh chuig Oifig an Ombudsman ar seasadh leo	0
larratais FOI	6
larratais GDPR	4

Cuid 3 - Saolré na Cuideachta

Corprú cuideachta

Is ionann cuideachta agus foirm dhlíthiúil eagraíochta gnó. Is eintiteas dleathach ar leith í agus, dá réir sin, tá sé ar leith uathu siúd a réachtálann í. Tá dhá chineál cuideachta bhunúsacha ann, cuideachta phríobháideach agus cuideachta phoiblí. Tá formhór na gcuideachtaí atá cláraithe in Éirinn ina gcuideachtaí príobháideacha agus, astu sin, is cinn bheaga an chuid is mó díobh nach bhfuil iontu ach comhalta amháin nó beirt chomhalta.

Le hAcht na gCuideachtaí 2014 go ginearálta ceadaítear do dhuine amháin nó níos mó cuideachta phríobháideach a bhunú chun críocha dleathacha ar bith trí ghlacadh le bunreacht. D'fhéadfadh suas le 149 comhalta ar a mhéad a bheith i gcuideachta phríobháideach agus níl teorainn ar bith ar an líon comhalta i gcuideachtaí poiblí.


Caithfidh rúnaí amháin agus dhá stiúrthóir ar a laghad bheith i ngach cineál cuideachta, seachas an Chuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna. (Caithfidh rúnaí ar leith bheith ag cuideachta phríobháideacha faoi theorainn scaireanna ina bhfuil stiúrthóir aonair). Ní theastaíonn cáilíochtaí foirmiúla le bheith ina stiúrthóir cuideachta. Ní mór do gach stiúrthóir cuideachta bheith os cionn 18 mbliana d'aois. Tá freagrachtaí fairsinge ag gach oifigeach cuideachta sa dlí.

Sa bhliain 2022, b'ionann líon na gcuideachtaí nua a corpraíodh agus 21,434. Is ionann sin agus laghdú i gcomparáid le 2021 nuair a corpraíodh 25,468 cuideachta nua. Le linn 2022, cláraítear meánlíon 1,786 cuideachta nua in aghaidh na míosa, i gcomparáid le meánlíon 2,122 in aghaidh na míosa sa bhliain 2021. Ba í an treocht ghinearálta ó bhí 2016 ná 20,000 corprú in aghaidh na bliana le buaic de 25,468 in 2021.

Tá dhá scéim corpraithe ann. Tá an Oifig um Chlárú Cuideachtaí tiomanta do na spriocanna um sheirbhís do chustaiméirí seo a leanas maidir le clárú cuideachtaí nua faoi na scéimeanna ábhartha:-

- Scéim Fé Phráinn - 5 lá oibre
- Gnáthscéim A1 ar Líne - 10 lá oibre

Lean CRO air ag comhlíonadh a spriocanna seirbhíse custaiméara i gcoitinne um chorprú cuideachtaí nua in 2022.



Bliain	Cuideachtaí Éireannacha ar an gClár	Cuideachtaí Nua
1982	70,926	5,757
1992	133,604	14,549
2002	150,790	13,735
2012	180,185	14,009
2022	287,877	21,434

Cuideachtaí Seachtracha

Cláraíodh 248 cuideachta sheachtrach nua sa bhliain 2022. Ba í an Ríocht Aontaithe an tír thionscnaimh ba choitianta le haghaidh clárúcháin nua do chuideachtaí seachtracha le 190 clárúchán.

Ba é líon na gcuideachtaí seachtracha ar an gClár ag deireadh 2022 3,143, laghdú ón bhfigiúr 3,210 ag deireadh 2021.

Brainsí cuideachta seachtracha ar an gclár de réir na tíre tionscnaimh:

An Ríocht Aontaithe	1,813
Oileáin Cayman	374
Stáit Aontaithe Mheiriceá	176
Beirmiúda	136
An Ghearmáin	87
An Ísiltír	85
Lucsamburg	48

Cinn roghnaithe eile: An Fhrainc - 33, An Eilvéis - 33, An Bheilg - 29, An Spáinn - 24, An Phortaingéil - 23.

Cáipéisíocht iarchorpraithe chlárú na cuideachta

Caithear an Oifig um Chlárú Cuideachtaí a chur ar an eolas faoi athruithe ar chúrsaí oifig chlárúithe cuideachta nó athruithe ar oifigigh cuideachta nó ar a sonraí ar an bhfoirm reachtúil ábhartha. Ní mór go ndéanfaí

an fhoirm a chomhlánú agus a shíniú i gceart ag oifigeach reatha de chuid na cuideachta de réir thaifid an CRO i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Mhéadaigh líon na gcomhdúchán de réir mar a tháinig méadú ar mhéid an chlár. Comhdaíodh 79,703 foirm B10 (athrú ar fhaisnéis stiúthóra/rúnaí) sa bhliain 2022. Comhdaíodh 19,556 foirm B2 (athrú oifige clárúithe) le linn 2022 freisin.

Tuairisceáin Bhliantúla

Ceanglaítear ar gach cuideachta, ar an gclár, cé acu an bhfuil siad ag trádáil nó nach bhfuil, Tuairisceán Bliantúil a chur isteach gach bliain .

Cuimsítear i dtuairisceán bliantúil sonraí maidir le stiúthóirí agus rúnaí na cuideachta, maidir lena hoifig chlárúithe, agus sonraí maidir lena scairshealbhóirí agus lena scairchaipitil. Ní mór do stiúthóir agus rúnaí na cuideachta

é a shíniú. Más stiúthóir é/í an rúnaí chomh maith, ní féidir leis/léi é a shíniú sa dá chail. Caithear ráitis airgeadais cuideachta a cheangal le tuairisceán bliantúil cuideachta i bhformhór na gcásanna. Fuarthas 240,223 tuairisceán bliantúil in Oifig um Chlárú Cuideachtaí sa bhliain 2022.

Má tá cuideachta ar bith déanach agus iad ag comhdú a thuairisceán bliantúil, is dócha go mbeidh imeachtaí baint den chlár nó ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche roimhe. D'fhan gníomhaíochtaí forfheidhmithe san Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar fionraí le linn 2022, áfach, mar gheall ar phaindéim COVID-19.

Athchlárúcháin

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, is féidir athrú ó chineál cuideachta ar bith go cineál cuideachta eile m.sh. ó theoranta go neamhtheoranta, ó phríobháideach go poiblí nó ó faoi theorainn scaireanna go faoi theorainn ráthaíochta nó a mhalairt faoi réir cheanglais Chuid 20 den Acht.

Sa bhliain 2022, d'athchláraigh 361 cuideachta san iomlán, laghdú ón mbuaiclíon 428 sa bhliain 2021.

Athchlárúcháin go cineálacha éagsúla sa bhliain 2022

Cineál cuideachta athchlárúithe go	Uimhir
Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta (CLG)	17
Cuideachta CLG Faoi Theorainn Ráthaíochta (cuideachta cheadúnaithe)	1
Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Faoi Theorainn Scaireanna (DAC)	26
Cuideachta Phríobháideach Faoi Theorainn Scaireanna (LTD)	90
Cuideachta Phoiblí Theoranta (PLC)	5
Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta (ULC)	222
IC - Cuideachta Infheistíochta - Cuid 24 Acht na gCuideachtaí 2014	0
PUC – Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta	0

Morgáistí agus Táillí

Comhdaíodh 11,100 táille sa bhliain 2022. Is méadú é seo ar an bhfigiúr 10,941 le haghaidh 2021.

Bliain	C1	C1B	Táillí iomlána
2018	11,206	1,152	12,358
2019	11,243	1,163	12,406
2020	8,100	756	8,856
2021	10,349	591	10,941
2022	10,645	455	11,100

Leachtuithe agus ceapachán Glacadóirí

Cloíodh le cláir leachtuithe suas chun dáta, ceapachán glacadóirí agus scrúdaitheoirí trí chlárúchán a dhéanamh ar gach cáipéis a fuarthas laistigh de thréimhsí plean gnó comhaontaithe. Tháinig laghdú 0.6% ar an líon leachtuithe i gcomparáid le 2021.

Cineálacha leachtaithe cláraithe:

Bliain	Comhaltaí	Creidiúnaith	Cúirt	Iomlán
2018	1,269	484	59	1,812
2019	1,472	611	67	2,150
2020	1,397	443	49	1,889
2021	1,455	286	59	1,800
2022	1,346	420	42	1,808

Ceanglaítear ar leachtaitheoirí foirm E3 (Tuairisceán ar ghníomh agus déileálacha) agus foirm E4 (cuntas s681 agus mionscríbhinn) a chur isteach. Ceanglaítear ar ghlacadóirí foirm E9 (achomaireacht glacadóirí) a chur isteach. Tháinig méadú suntasach ar líon na n-aighneachtaí um fhilleadh ó leachtaitheoirí agus glacadóirí sa bhliain 2018 agus sa bhliain 2019 mar thoradh ar chlár meabhrúcháin a tosaíodh sa bhliain 2018. Cuireadh an clár meabhrúcháin ar fionraí i mí an Mhárta 2020 mar gheall ar an bpaindéim agus níor atosáíodh faoi dheireadh na bliana é.

Bliain	Foirm E4 (cuntas s.681 agus mionscríbhinn)	Foirm E3 cuntas na leachtaitheoirí ar ghníomhartha agus leachtaitheoirí	Foirm E9 (achomaireacht glacadóra)
2018	12,728	5,510	7,280
2019	10,159	4,350	5,950
2020	6,865	2,842	3,427
2021	7,822	3,555	3,554
2022	5,489	2,282	2,374

Fuarthas 136 E8 (Fógra maidir le Ceapachán Glacadóra) in 2022, méadú ón líon iomlán de 129 a fuarthas in 2021.

Clár daoine srianta agus dícháilithe

Coinníodh clár na stiúrthóirí dícháilithe agus srianta chomh maith, agus leanadh le heisiúint tuairiscí cuideachtaí faoi leachtú chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Faoi dheireadh na bliana, bhí 4,298 duine ar chlár na ndaoine dícháilithe agus bhí 547 duine ar chlár na ndaoine srianta. Is féidir na cláir dhícháilithe agus srianta a chuardach ar líne ag www.cro.ie. Déantar an áis seo a uasdátú go laethúil.

FCSÉanna

Coinníonn Banc Ceannais na hÉireann an Clár Feithiclí Comhbhainistíochta Sócmhainne Éireann (FCSÉanna). Ceanglaítear ar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoin reachtaíocht cuideachtaí atá tar éis clárú mar FCSÉanna leis an mBanc Ceannais a dhíchlárú. Eisítear deimhniú díchlárúcháin na cuideachta, déanann an Clár taifead ar dhíchlárú na cuideachta agus foilsítear fógra maidir le baint na cuideachta san Iris CRO. In 2022, rinneadh dhá chuideachta a dhíchlárú.

Cuideachtaí a fhorfheidhmiú, a ionchúiseamh agus a bhaint den chlár cuideachtaí

Féadfar cuideachta a dhíscaroileadh trí leachtú nó trí bhaint den chlár. Ní bhíonn baint den chlár neamhdheonach i gcónaí. Féadfaidh cuideachta a chuireann deireadh le trádáil agus nach bhfuil creidiúnaithe gan íoc aici a iarraidh ar an gCláraitheoir an chuideachta a bhaint den chlár.

Baint den Chlár go Neamhdheonach

Mar gheall ar fhionraíocht na gníomhaíochta forfheidhmithe ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí i mí an Mhárta 2020, níor baineadh cuideachta ar bith den chlár de bharr teip tuairisceáin bhliantúla a chomhdú.

Baint den Chlár go Deonach

Is próiseas reachtúil é baint den chlár go deonach faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Baineadh 6,376 cuideachta ar an iomlán go deonach sa bhliain 2022, arb ionann é agus laghdú ón bhfigiúr 7,033 in 2021.

Athbhunú ar an gClár

Is féidir cuideachta a athbhunú ar an gclár tar éis iad a bhaint den chlár. Sa chás gur baineadh cuideachta den chlár ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí, is féidir leis an gcuideachta iarratas a dhéanamh chuig an gCláraitheoir ar athbhunú. Nuair a bheidh an 12 mhí caite, ní féidir an chuideachta a athbhunú ach trí Athbhunú trí Ordú Cúirte. Athbhunaíodh 2022 cuideachta san iomlán ar an gclár, laghdú ar an líon a athbhunaíodh i rith 2021.

Ionchúisimh de bharr teip tuairisceáin bhliantúla a chomhdú

Mar gheall ar fhionraíocht an ghnímh forfheidhmithe, níor glacadh le hionchúiseamh ar bith le linn 2022 de bharr teip tuairisceáin bhliantúla a chomhdú.

Cuid 4 - Eintitis Eile Cláraithe ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Ainmneacha Gnó

Soláthraíonn an tAcht um Chlárú Ainmneacha Gnó 1963 trédhearcacht maidir le daoine atá ag trádáil faoi ainm seachas a n-ainm féin. Tá sé éigeantach ainm gnó a chlárú má leanann le haon duine nó comhpháirtíocht (bíodh sé comhdhéanta de dhaoine aonair nó de chomhlachtaí corpraithe nó aon mheascán den dá cheann) nó de chomhlacht corpraithe le gnó faoi ainm seachas a bhfíor-ainmneacha féin. Is é an aidhm atá leis ná aitheantais an duine/na ndaoine, na gcomhpháirtíochtaí

nó na gcomhlachtaí corparáideacha sin mar an t-eintiteas dleathach atá taobh thiar den ainm gnó a chur ar fáil don phobal. Ní cruthaítear eintiteas le pearsantacht dhlítheanach ar leith mar thoradh ar ainm gnó a chlárú.

20,006 an líon ainmneacha gnó nua a cláraíodh ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí sa bhliain 2022, méadú 14% ar 2021, nuair a cláraíodh 23,374. Comhdaíodh beagnach 98% d'iarratais nua ar ainm gnó go leictreonach sa bhliain 2022.

Bliain	Ainmneacha Gnó ar an gClár	Clárúcháin Ainmneacha
1982	45,011	2,804
1992	85,254	5,259
2002	194,677	15,748
2012	430,349	25,741
2022	643,844	20,006

Ba cheart athrú ar aon cheann de na sonraí faoi ainm gnó cláraithe (m.sh. athrú ar ainm gnó nó seoladh gnó) a chur in iúl don Chláraitheoir laistigh de mhí amháin ó dháta an athraithe. Sa bhliain 2022, cláraíodh 2,174 athrú. Cuireadh isteach 2,532 foirm ag cur in iúl don Chláraitheoir go raibh deireadh le gnó.

Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar Chlár na n-Ainmneacha Gnó

Athruithe ar an gclár	2018	2019	2020	2021	2022
Clárúcháin nua	21,202	20,723	21,592	23,374	20,006
Ráiteas athruithe ar na sonraí cláraithe	2,089	2,086	2,079	1,862	2,174
Stadanna	2,610	2,777	2,197	2,261	2,532
Iomlán ar an gclár ag deireadh na bliana	564,441	582,387	601,782	626,370	640,369

Comhpháirtíochtaí Teoranta

Éascaíonn an t-Acht um Chomhpháirtíocht Theoranta 1907 cruthú comhpháirtíochta ina bhfuil dlíteanas teoranta ag roinnt comhaltaí as fiacha an ghnóilachta. Tá a ndlíteanas teoranta do mhéid an chaipitil a chuireann siad leis an gcomhpháirtíocht. Mar is amhlaidh le comhpháirtíocht ghinearálta, ní eintiteas dleathach ar leith í comhpháirtíocht teoranta. Cláraíodh 182 Comhpháirtíocht Theoranta sa bhliain 2022, laghdú mór an líon a cláraíodh sa bhliain 2021 (334).

Cuid 5 – Feidhm Chorporáideach san Oifig um Chlárú Cuideachtaí

€7.2m a bhí i gcaiteachas 2022 don Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Áirítear leis sin chomh maith caiteachas maidir le hoibríocht Chláraitheoir na gCara-Chumann agus an Chláir um Úinéireacht Thairbhiúil.

	2020	2021	2022
Pá	5.2m	5.1m	5.2m
Neamh -Phá	2.3m	1.6m	2.0m
lomlán	7.5m	6.7m	7.2m

Ioncam 2022

Fuair an Oifig um Chlárú Cuideachtaí €17.8 milliún sa bhliain 2022, arb ionann é agus méadú 7.9% ar an bhfigiúr a chonacthas sa bhliain 2021 €16.5m. Áirítear leis an bhfigiúr seo ioncam a fuarthas i leith Chláraitheoir na gCara-Chumann agus an Clár um Úinéireacht Thairbhiúil.

Bhí méadú ar tháillí comhdaithe déanacha a íocadh. D'íoc 15,358 cuideachta táillí comhdaithe déanacha le linn 2022, rud a chiallaíonn gurbh é an meán-táille comhdaithe déanach a d'íoc gach ceann de na cuideachtaí seo ná €514.

Ioncam na hOifige um Chlárú Cuideachtaí	2020	2021	2022
Táillí Comhdaithe Déanach	3.7m	6.0m	7.9m
Táillí Iarratais	7.37m	9.06m	8.49m
Táillí Chláraitheoir na gCara-Chumann	0.028m	0.057m	0.044m
Clár um Úinéireacht Thairbhiúil	0.032m	0.15m	0.405m
Ilghnéitheach*	1.76m	1.16m	0.97m
lomlán	12.89m	16.5m	17.8m

* Áirítear le hIlghnéitheach Fiosrúcháin Díolachán Sonraí Bulc, Nótaí Creidmheasa, iarmhéideanna an Chuntais Chustaiméirí

Tá an Oifig um Chlárú Cuideachtaí tiomanta do níos mó íocaíochtaí a éascú agus a chur i bhfeidhm ar bhealaí leictreonacha, seachas na modhanna traidisiúnta íocaíochtaí airgid thirim agus seic. Ó tugadh isteach ríomhchomhdú éigeantach an tuairisceáin bhliantúil (Foirm B1) agus na ráitis airgeadais a ghabhann leis i mí an Mheithimh 2017, caithfear táillí comhdaithe agus aon táillí comhdaithe déanacha a íoc le cárta creidmheasa/dochair nó le cuntas custaiméara.

Laghdaigh líon na seiceanna a fuarthas san Oifig um Chlárú Cuideachtaí go seasta ó 18,495 sa bhliain 2018 (luach €2.3m) síos go 3,091 luach (€97k) sa bhliain 2022. Leanann leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí athbhreithniú a dhéanamh ar mhodhanna íocaíochta malartacha do chustaiméirí a d'íocadh go traidisiúnta le seic.

Bliain	Idirbhearta Seic	Idirbhearta Cárta Creidmheasa	Idirbhearta Cuntas custaiméara
2018	18,495	165,120	338,881
2019	10,875	173,765	351,308
2020	7,955	163,933	317,704
2021	6,097	187,743	348,699
2022	3,091	179,386	389,298

Is féidir breis airgid a chur isteach i gCuntas Custaiméara le Cárta Creidmheasa nó trí Ríomhaistriú Airgid (RAA), ar an gcoinníoll go dtugtar uimhir an Chuntais Custaiméara mar thagairt ar an RAA agus go dtugtar fógra trí ríomhphost gur tharla aistriú den sórt sin.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh 2- I.R. 542 de 2009

I.R. Ceanglaíonn I.R.542 de 2009 ar eagraíochtaí na hearnála poiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar a n-úsáid fuinnimh agus ar na gníomhartha a rinneadh chun ídiú a laghdú.

Tá an Oifig um Chlárú Cuideachtaí suite i dTeach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1 agus Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach. Roinneann an CRO cóiríocht agus go leor seirbhísí riaracháin, lena n-áirítear ídiú fuinnimh, le Clárlann na gCara-Chumann i dTeach Bloom. Roinneann an RFS agus an CRO seomraí cruinnithe, leithris agus an áit fáiltithe leis an gCoimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) chomh maith le comhlachtaí príobháideacha.

Tá Rátáil Fuinnimh Foirgnimh B3 ag Teach Bloom. Uimh. BER: 800191413. Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh: 77.12kg CO₂ /m² /yr.

Is é an Oifig um Chlárú Cuideachtaí Cheatharlach an mionúsáideoir fuinnimh ar Bhóthar Uí Bhriain (45%) agus roinneann sé an foirgneamh leis an gClár Úinéireachta Tairbhí, agus leis an gCoimisiún Caidrimh san Ionad Oibre agus tá áiseanna ceaintín, leithris agus an áit fáiltithe á roinnt chomh maith.

Tá Rátáil Fuinnimh Foirgnimh C2 ag Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach. Uimh. BER: 800408395. Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh: 53kg CO₂/m²/yr.

Gníomhartha a Rinneadh sa bhliain 2022

- Ríomhphoist a bhaineann le Coigilt Fuinnimh chuig an bhfoireann ag meabhrú do gach duine monatóirí ríomhaire, printéirí srl. a mhúchadhgach tráthnóna.
- Uaireanta oibriúcháin an Aonaid Láimhseála Aeir a ndéantar monatóireacht leanúnach orthu.
- Amachóirí téimh atá cláraithe go rialta de réir na haimsire reatha (an dá shuíomh).

Cuid 6 - Ag Teach In 2023

Riachtanas Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí a sholáthar

Leasaigh Alt 35 d'Acht na gCuideachtaí (Údarás Forfheidhmithe Corparáideach) 2021 Acht na gCuideachtaí 2014 trí alt 888A a chur isteach, a theastaíonn ó stiúrthóir a uimhir phearsanta seirbhíse poiblí a chur isteach in iarratas ar chuideachta a thabhairt isteach, tuairisceán bliantúil déanta ag cuideachta ina bhfuil sé nó sí mar stiúrthóir agus fógra athraithe stiúrthóirí nó rúnaithe déanta ag cuideachta ina bhfuil sé nó sí mar stiúrthóir. Nuair nach bhfuil uimhir phearsanta seirbhíse poiblí ag stiúrthóir dá leithéid, déanfaidh an Cláráitheoir Cuideachtaí an t-eolas le ucú ar fáil a chinneadh maidir le féiniúlacht an stiúrthóra. Le linn 2022 d'oibrigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le díoltóirí bogearraí

agus le páirtithe leasmhara chun ullmhúchán a dhéanamh do thosach alt sin an Achta. Meastar go dtabharfar an ceanglas sin isteach sa chéad leath de 2023.

Forbairt Comhdaithe Leictreonach Éigeantach

Le cur i bhfeidhm na dTreoracha um Uirlisí Digiteacha in 2021 ceanglaíodh leaganacha leictreonacha a thabhairt isteach le roinnt Foirmeacha Cuideachtaí Seachtracha. Ón am sin, tá na foirmeacha sin ar fáil le comhdú de lámh nó go leictreonach. Tá sé beartaithe go gcuirfear deireadh leis an rogha na foirmeacha sin a chomhdú de lámh ag tús 2023. Ina theannta sin, bainfear an rogha um chomhdú de lámh i dtaobh roinnt foirmeacha eile atá fós ar fáil le comhdú de lámh tar éis roinnt roghanna leictreonacha a thabhairt isteach. Tá na foirmeacha lena mbaineann leagtha amach sa tábla thíos:

Foirm G1 B4 – Fógra faoi ardú i scairchaipiteal údaráithe agus rún speisialta
Foirm G2 B4 – Fógra faoi ardú i scairchaipiteal údaráithe agus gnáthrún
Foirm B5 – Athdháileadh Cionroinnte
Foirm B7 – Malairt i gcaipiteal comhlachta, leasú scairchapitil
B69 – Fógra faoi dhuine atá tar éis éirí as a p(h)ost mar stiúrthóir nó rúnaí
Foirm B77 – Fógra faoi údarú/cúlghairm ghníomhaire comhdúcháin leictreonach
Foirm F2 – Leasú ar Mheabhráin agus Airteagail cuideachta seachtraí
Foirm F3 – Athrú Stiúrthóra/Rúnaí/daoine a fheidhmíonn ar son chomhlacht seachtrach
Foirm F7 – Athdháileadh cháipéisí cuntasáíochta de chuid chomhlacht seachtrach
Foirm F12 – Clárú cuideachta atá mar bhrainse de chuid chuideachta EEA
Foirm F13 – Clárú cuideachta atá mar bhrainse de chuid cuideachta nach mbaineann leis an EEA
Foirm F14– Fógra faoi theacht chun deiridh/faoi dhúnadh bhrainse de chuid cuideachta seachtraí

Treoir an AE maidir le Comhshónna, Cumaisc agus Deighiltí Trasteorann

Glacadh le Treoir AE 2019/2121 lena leasaítear forálacha Threoir AE 2017/1132 maidir le cumaisc trasteorann agus lena chruthaítear rialacha comhchuibhithe maidir le comhshónna agus deighiltí trasteorann ar an 27 Samhain 2019. Déanfar an Treoir a thrasú in 2023.


Treoir AE maidir le tuairisciú faisnéise cánach de réir tíre

Glacadh le Treoir AE 2021/2101 lena leasaítear Treoir AE 2013/34 maidir le faisnéis cháinioncaim a nochtadh ag gnóthais agus brainsí áirithe ar an 24 Samhain 2021. Déanfar an Treoir a thrasú in 2023.

AGUISÍN 1 STAITISTICÍ MIONSONRAITE

Gníomhaíocht ar chlár na gcuideachtaí sa bhliain 2022

	2021	2022	% +/-
Iomlán na gCuideachtaí Nua Corpraithe	25,468	21,434	-16%
Athbhunaithe			
Ag Cuideachtaí laistigh de bhliain amháin ó bhaint	68	66	-3%
Ag an Ardchúirt nó an Chúirt Chuarda	72	30	-58%
Cuideachtaí Díscailte	9,032	6,376	-29%
Glanathrú	+16,576	+15,154	-8.5%



Athbhunú Cuideachtaí ar an gClár

Foráiltear Caibidil 2 Cuid 12 d'Acht na gCuideachtaí 2014 athbhunú cuideachta díscailte ar Chlár na gcuideachtaí. Is féidir le cuideachta a baineadh den chlár a athbhunú ar an gClár trí iarratas chuig:

- an Ardchúirt sula n-imíonn fiche bliain ó dháta an díscailte;
- an Chúirt Chuarda sula n-imíonn fiche bliain ó dháta an díscailte, nuair atá an t-iarratasóir mar chreidiúnaí;
- Cláraitheoir na gCuideachtaí sula n-imíonn fiche bliain ó dháta an díscailte, nuair atá an t-iarratas déanta ag nó thar ceann na cuideachta.

Bhí 30 athbhunú a ordaíodh ag Cúirteanna agus 66 athbhunú riaracháin sa bhliain 2022.


An Bhliain	Cuideachtaí Athbhunaithe ar an gClár	Cuideachtaí ar an gClár	%
2020	232	254,202	0.09
2021	140	270,835	0.05
2022	96	287,877	0.03

Clár Seachtrach

Cuideachtaí ar an gclár seachtrach ar an 31 Nollaig 2022:

	2020	2021	2022
Brainsí (LEE)	2,036	433	439
Brainsí (Neamh-LEE)	937	2,777*	2,704
Iomlán ar an gclár seachtrach	2,973	3,210	3,143

*Nóta: Mar gheall ar an mBreatimeacht, tá RA rangaithe mar Neamh-LEE, suas go dtí 2021, comhalta don LEE a bhí inti.



Athruithe ar Ainmneacha Cuideachta

Le linn 2022, faomhadh 2,218 athruithe ar ainmneacha cuideachtaí san iomlán.

Clár Feithiclí Comhbhainistíochta Sócmhainne Éireann

Ligeann an t-Acht um Clár Feithiclí Comhbhainistíochta Sócmhainne Éireann 2015 do chuideachtaí a bheith dí-chláraithe tar éis athrú go FCSÉ. Ceadáítear orduithe clárúcháin le haghaidh FCSÉanna ag an mBanc Ceannais. Dhíchláraigh dhá chuideachta amháin tar éis athrú go stádas FCSÉ.

2020	4
2021	1
2022	2

Societas Europaea

Is éard atá i gceist le Societas Europaea (SE) ná Cuideachta Phoiblí Theoranta Eorpach a bunaíodh faoi Rialachán AE (Rialachán 2157/2001 ón gComhairle) agus Ionstraim Reachtuil Uimh. 21 de 2007. In 2022, d'aistrigh dhá Societas Europaea a n-oifigí cláraithe isteach sa Stát. Bunaíodh Societas Europaea amháin mar thoradh ar chumasc sa bhliain 2022. Bhí 14 Societas Europaea sa Stát ag deireadh 2022.

Aistriú Ciste Infheistíochta

Níor cláraíodh cuideachta ar bith sa Stát, trí leanúint ar aghaidh, tar éis aistrithe sa bhliain 2022. Foráiltear dó sin faoi Chuid 24 Acht na gCuideachtaí 2014.

Cead chun Iarmhír a Fhágáil Amach ó Ainm na Cuideachta

Tugadh cead do 40 cuideachta an iarmhír a fhágáil amach as ainm na cuideachta le linn 2022.

Cumaisc Thrasteorann

Chuir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cumaisc Thrasteorann) 2008 Treoir 2005/56/CE i bhfeidhm. Ligeann na Rialacháin d'aon chuideachta Éireannach faoi dhliteanas teoranta, seachas cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta, a bheith ina páirtí i gcumasc trasteorann le heintiteas i mball eile den LEE. Cuireadh sé éadail cuideachta i gcrích le húsáid a bhaint as reachtaíocht Chumasc Thrasteorann sa bhliain 2022 agus tógadh isteach naoi gcinn eile (scríosadh iad ón gclár). Rinneadh éadail amháin agus dhá ionsú eile a phleanáil sa bhliain 2022, ach níor cuireadh i gcrích iad go dtí seo. Níor cuireadh aon éadail ón mbliain roimhe sin i gcrích in 2022 agus cuireadh trí hionsú i gcrích. Chumaisc 98 cuideachta in Éirinn agus d'fhág 133 cuideachta an Stát ó achtaíodh an reachtaíocht sa bhliain 2008.

Bliain	Éadálacha Críochnaithe	Ionsúcháin Críochnaithe
2020	10	3
2021	7	8
2022	6	9

Grúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch

Níor cláraíodh aon Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELEanna) sa Stát sa bhliain 2022 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Grúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch) 1989. Rinneadh GELE amháin a leachtú i rith na bliana. Tá 25 GELE cláraithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoi láthair.

Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe le haghaidh 2022

Próiseas um Baint den Chlár

Cuideachtaí díscailte (bainte den chlár de bharr teip tuairisceáin a chomhdú)	0
Cuideachtaí díscailte (baint den chlár go deonach)	6,376


Sócmhainneacht

Scrúdaitheoireachtaí

	2020	2021	2022
Iarratas ar an gcúirt maidir le ceapachán scrúdaitheora	27	16	13
Ordú cúirte ag ceapadh scrúdaitheora	22	7	12
Ordú cúirte ag ceapadh scrúdaitheora eatramhach	13	6	12
Ordú cúirte ag dearbhú scéim na socrúithe	8	6	11
Ordú cúirte ag leasú scéim na socrúithe	1	0	5
Ordú cúirte ag cur deireadh le cosaint ón gcúirt	3	2	3
Scrúdaitheoireachtaí i bhfeidhm ag deireadh bliana	14	2	4


Glacadóireachtaí

	2020	2021	2022
Cuideachtaí inar ceapadh glacadóir thar mhaoín na cuideachta:	1,756	1,461	1,693
Cuideachtaí inar ceapadh glacadóir thar mhaoín na cuideachta le linn	84	129	136



Leachtuithe de réir cineáil a cuireadh in iúl don Oifig um Chlárú Cuideachtaí

	2020	2021	2022
Comhaltaí Deonacha	1,397	1,455	1,346
Creidiúnaithe Deonacha	443	286	420
Leachtuithe Cúirte	49	59	42
Iomlán	1,889	1,800	1,808



Cuideachtaí faoi leachtú

Bliain	Líon i mbun leachtaithe
2020	7,310
2021	8,557
2022	8,029

Fógraí Nár Choinnigh Leabhair Chuí

De réir forálacha alt 392 d'Acht na gCuideachtaí 2014, fuair an Cláraitheoir 4 fhógra ó iniúcháirí maidir le cuideachtaí le linn 2022.

Réamheolairí a Chlárú

Ó 21^ú Iúil 2019, ní raibh aon ghá le cáipéis réamheolaire a chur isteach leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Le hIonstraim Reachtúil 380 de 2019 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Réamheolaire) 2019, lenar cúlghaireadh I.R. Uimh. 324 de 2005 ceanglaítear go gcomhdófaí an réamheolaire leis an mBanc Ceannais. Tairiscintí áitiúla sainmhínithe mar sin trí bheith níos lú ná €5,000,000, cé acu do chuideachtaí cláraithe Éireannacha nó thar lear agus cuirtear i láthair iad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le haghaidh clárú faoi s.1361(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014. Níor cláraíodh aon tairiscint áitiúil amháin leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí le linn 2022.

AGUISÍN 2 CEANNACH SCAIREANNA DÍLSE

Le linn 2022, fuair an Cláraitheoir fógraí chun a scaireanna dílse a cheannach ó na 759 cuideachta seo a leanas:

1674	BRITVIC MUNSTER LIMITED
8804	OVELLE LIMITED
8969	JAPPELLIA LIMITED
11571	SOUTHGATE INVESTMENTS LIMITED
12965	CRH PUBLIC LIMITED COMPANY
14851	BALLYFREE FARMS LIMITED
15193	DONEGAL OIL COMPANY LIMITED
16068	BRITVIC LICENSED WHOLESALE LIMITED
17971	MEDIAHUIS IRELAND MARKETING LIMITED
21721	D. O'SULLIVAN (IRELAND) UNLIMITED COMPANY
24833	ATLANTIC DAWN UNLIMITED COMPANY
25413	P.J. DUFFY AND SONS LIMITED
33279	KILLINEY HOTELS LIMITED
33365	BARRY'S (CORK) UNLIMITED COMPANY
36585	DONAL O'BUACHALLA & COMPANY LIMITED
37550	KENMARE RESOURCES PUBLIC LIMITED COMPANY
38414	EDMOND P. HARTY & COMPANY UNLIMITED COMPANY
38659	LISCARROLL ENGINEERING LIMITED
38811	RADLEY ENGINEERING LIMITED
39058	KPMG SERVICES UNLIMITED COMPANY
40791	CORBY ROCK EGGS UNLIMITED COMPANY
41441	O'NEILL FOLEY UNLIMITED COMPANY
42180	LAURENCE LOUNGE LIMITED
42189	BROOMFIELD CONSTRUCTION LIMITED
42371	VENTAC & COMPANY LIMITED
42654	PATRICK J. TOBIN AND COMPANY LIMITED
44895	STUDIO ONE FILM EXHIBITORS LIMITED
47248	IRISH FARM & GARDEN MACHINERY LIMITED
47768	SERNON LIMITED
50397	C.I.M. LIMITED
52987	CROWLEY SERVICES LIMITED
54092	DENIS O'MAHONY (FERMOY) LIMITED
56191	DEREK EAKIN LIMITED
61000	ARVUM GROUP LIMITED
63117	LYNCH & MCCARTHY LIMITED
63127	SEMITON LIMITED
67065	H. & M. CURLEY LIMITED
69479	CUSTOM COMPOST UNLIMITED COMPANY
72620	HORGAN ENGINEERING LIMITED
75765	WALSH MUSHROOMS UNLIMITED COMPANY

76127	MARTIN INSURANCE LIMITED
77617	CRANA ENGINEERING LIMITED
80585	OLDTOWN ENGINEERING COMPANY LIMITED
81214	MCGETTIGAN BAKERY LIMITED
85119	RADETAL LIMITED
86002	FINGLETON WHITE & CO LIMITED
86501	MICHAEL J. SCANNELL & CO. LIMITED
87375	KELLS WHOLEMEAL LIMITED
89300	TIMBER FACTORS LIMITED
91451	SAFC ARKLOW LIMITED
91868	GALTEE WOOD PRODUCTS LIMITED
91954	O'CONNORS CONFECTIONERY (ENNIS) LIMITED
93721	MOLLOY WASTE SERVICES LIMITED
95369	R. S. WHITE (WATER TREATMENT) LIMITED
100740	SPORTSMAN'S DREAM LIMITED
100886	COPYTYPE (IRELAND) LIMITED
102732	DALY INDUSTRIAL SUPPLY COMPANY LIMITED
106313	MAOL RUA CATERING LIMITED
106763	PAT SMITH ENGINEERING LIMITED
107307	VARMING CONSULTING LIMITED
107321	HORSEWARE PRODUCTS LIMITED
108019	WALSH MUSHROOMS PRODUCTION UNLIMITED COMPANY
108225	FASTFIX (HOLDINGS) LIMITED
109335	MATHESON SUPPORT SERVICES CUIDEACHTA NEAMHTHEORANTA
112606	JOE NORRIS (MOTORS) LIMITED
113447	D AND L SECURITIES LIMITED
114252	AN E.I. UNLIMITED COMPANY
114434	HERBERT LEVINGSTON LIMITED
114996	FOUR ROCK INVESTMENTS LIMITED
116112	H B ELECTRONICS LIMITED
116462	TOURISM DEVELOPMENT INTERNATIONAL LIMITED
116999	TAIRGI TREAD-LIA BAILE NA SCEILGE TEORANTA
117001	GROVE FARM LIMITED
117541	SHERWOOD CARLTON LIMITED
117725	JOHN CASEY LIMITED
120073	DIRECT MARKETING TECHNOLOGIES LIMITED
120688	SPARKSWEALTH LIMITED
126686	GRENNAN MILLS LIMITED
129232	CELUPLAST LIMITED
129933	GLANBIA PUBLIC LIMITED COMPANY
131667	DIRECT MARKETING TECHNOLOGIES GROUP LIMITED
132119	F.D.C. ACCOUNTANTS - TAX CONSULTANTS (SOUTH WESTERN REGION) LIMITED
132975	MELLOTT WINDOWS LIMITED
134722	PLASSEY HOLDINGS LIMITED
138763	ARCROYAL UNLIMITED COMPANY

139419	P. S. SOFT FURNISHING MANUFACTURING LIMITED
140422	AAG HANGAR 1 LIMITED
141173	CARAFIN GROUP LIMITED
143274	WESTPARK INVESTMENTS LIMITED
